An Post Handwriting Competition

Meánscoileanna

Tá an-áthas orainn **Comórtas Lámhscríbhneoireachta An Post** a fhógairt le haghaidh 2017.

Bunscil riachtanach í an lámhscríbhneoireacht, ach déantar dearmad uirthi go minic sa ré nua dhigiteach seo. Creidimidne gur cheart ceiliúradh a dhéanamh ar an lámhscríbhneoireacht agus, dá bhrí sin, táimid ag iarraidh ar scoileanna peann a chur le pár agus a scileanna lámhscríbhneoireachta a thaispeáint dúinn.

Tá dhá chatagóir ann do mheánscoileanna.

- Catagóir 1: An 1ú, 2ú agus 3ú Bliain
- Catagóir 2: An 4ú, 5ú agus 6ú Bliain

Tá Catagóir Speisialta ann freisin do scoláirí a bhfuil aon riachtanais oideachais speisialta nó bhreise acu.

Critéir Iontrála

Catagóir 1: An 1ú, 2ú & 3ú Bliain

- Iarrtar ar scoláirí na Sraithe Sóisearaí idir 200 agus 400 focal a scríobh ar an teimpléad (is féidir é sin a íoslódáil).

Catagóir 2: An 4ú, 5ú & 6ú Bliain

- Iarrtar ar scoláirí na hIdirbhliana agus na Sraithe Sinsearaí idir 300 agus 600 focal a scríobh ar an teimpléad (is féidir é sin a íoslódáil).

*Catagóir Speisialta: Scoláirí a bhfuil aon riachtanais oideachais speisialta nó bhreise acu**

- Iarrtar ar na scoláirí iontráil a lámhscríobh, gan aon íoslíon focal, ar an teimpléad (is féidir é sin a íoslódáil).

Caithfear gach iontráil a scríobh ar an teimpléad (is féidir é sin a íoslódáil).

Ní mór gaol a bheith ag gach iontráil leis an téama *'Féach ar stair na hÉireann trína réada.'*

Is féidir cur isteach ar an gcomórtas i dteanga ar bith a scríobhtar le script Laidin-bhunaithe (Gaeilge, Béarla, Spáinnis, Fraincis, Polainnis, etc).

*Is féidir iontrálacha ar an gCatagóir Speisialta a bhunú ar aon cheann de na téamaí seo a leanas: *'Féach ar stair na hÉireann trína réada' nó 'Finné na Staire: An Saol in Éirinn sna 1900idí luatha'*

Critéir Mholtóireachta

Déanfar moltóireacht ar na hiontrálacha bunaithe ar chomh hinléite agus chomh soiléir is atá an lámhscríbhneoireacht sa saothar ar fad, agus ina dhiaidh sin breathnófar níos mine ar mhéid agus ar ionad na bhfocal agus na litreacha.

Dá bhrí sin, ba cheart

- go mbeadh an lámhscríbhneoireacht inléite
- go mbeadh spásanna rialta agus cothroma idir na focail
- go scríobhfaí na litreacha i gceart agus go mbeidís ar cóimhéid
- go dtaispeánfaí gluaiseacht agus saoráid
- go léireofaí stíl phearsanta a théann i bhfeidhm ar an léitheoir